# COMHAR
# 2022

Is mór ag bord stiúrtha COMHAR an deis a theacht os comhair an Chomhchoiste Oireachtais seo chun cur síos a dhéanamh ar chuid éigin dár ngníomhaíochtaí le 80 bliain anuas.

I mí Bealtaine na bliana 1942 a foilsíodh ***Comhar*** den chéad uair agus is liosta le háireamh iad na scríbhneoirí céimiúla a raibh baint acu leis an iris ó shin i leith idir eagarthóirí agus lucht scríofa alt.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal í COMHAR.

Is iad seo na stiúrthóirí ar COMHAR:

Cathal Goan, Paula Slattery, Walter Kirwan, Liam Mac Amhlaigh, Muireann Ní Mhóráin, Katie Ní Loingsigh, Róisín Adams, Charles Dillon, Seán Ó Cuirreáin.

Cuimsíonn **COMHAR** na gníomhaíochtaí seo a leanas;

- ***Comhar,*** an iris mhíosúil ina bhfoilsítear scoth na scríbhneoireachta cruthaithí; an tráchtaireacht agus an anailís is géarchúisí ar chúrsaí reatha idir náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an léirmheastóireacht is grinne ar litríocht na Gaeilge agus na Gàidhlige. I 2022 déanfaidh *Comhar* ceiliúradh ar cheithre scór bliain a bunaithe rud a fhágann gurb é an tréimhseachán is buaine agus is bisiúla dá chineál in Éirinn. Bíonn an iris ar fáil go míosúil i bhfoirm chlóite agus/nó ar-líne.
- ***Leabhair*COMHAR**, teach foilsitheoireachta a fhoilsíonn idir cúig agus seacht leabhair nua i seánraí éagsúla gach bliain
- **COMHAR*Taighde***, an t-aon ríomh-irisleabhar acadúil piarmheasta ar líne do litríocht chomhaimseartha na Gaeilge agus nithe atá gaolmhar léi.
- Suas go dtí 2021 - **COMHAR*Óg*,** foilseachán leathbhliantúil a bhí dírithe ar dhaltaí iar-bhunscoile agus ar shaothar na ndaltaí sin. Bíonn sé ar fáil ar líne chomh maith.
- **Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge***,* togra a bunaíodh i gcomhar le Foras na Gaeilge chun cnuasach mór a chur ar fáil ina mbeadh portráidí i bhfoirm grianghraf ann de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge chomh maith le heolas faoina saothar. Bunachar beo ar líne anois é freisin agus táthar ag cur leis i gcónaí.
- Cló Léann na Gaeilge (**CLÓ**), imphrionta nua acadúil i bpáirt le lucht léinn ó ollscoileanna ina mbíonn an Ghaeilge á múineadh. Foilsítear monagraif agus leabhair eile a dhéanfaidh sainstaidéar ar ghnéithe de litríocht na Gaeilge.
- **Léitheoirí na Gaeilge**, Tionscadal úr ilbhliantúil I bpáirt le Foras na Gaeilge ar bhonn píolótach a bhfuil sé mar sprioc aige léitheoireacht na Gaeilge a chothú; léirmheastóireacht na Gaeilge a fhorbairt; agus lárphointe feasachta a chur ar fáil do gach eolas faoin bhfáil atá ar ábhar léitheoireachta i nGaeilge don phobal mór.

Beirt atá fostaithe go lánaimseartha ag COMHAR.

Oibríonn triúr eile ar bhonn páirtaimseartha leis an gCuideachta.

## Ráiteas Misin COMHAR

Is í an fhís atá ag Bord COMHAR don iris *Comhar*:

- go mbeidh sí ina hiris litríochta agus cúrsaí reatha barr feabhais, idir chlóite agus ar líne
- go mbeadh sí ina hardán ag pobal / léitheoirí na Gaeilge a chothóidh smaoineamh agus díospóireacht
- gur inti a fhoilseofar scoth na nualitríochta cruthaithí as Gaeilge, mar is dual di ó bunaíodh í sa bhliain 1942
- go bhféachfar le líon na léitheoirí a mhéadú ar bhonn leanúnach
- go bhfeidhmeoidh COMHAR, idir fhoireann agus bord, de réir dea-chleachtais rialachais, le dúthracht agus le héifeacht

**Díolachán**

- Síntiúsóirí *Comhar*: **436** anois mí an Mhárta 2022
- 62 síntiúsóir thar lear san áireamh anseo – cóipeanna á gcur chuig 18 tír ar fud an domhain
- *Comhar* sna siopaí sa mheán: **66 cóip** in aghaidh na míosa.
- Díoltar na heagráin speisialta amach go hiondúil – x 3 in aghaidh na bliana. (700 a chuirtear i gcló)

**Úsáideoirí *Comhar* ar-líne**:

- Ó mhí Eanáir 2021 go dtí Nollaig 2021, tá **17,966** léitheoir tar éis a bheith i mbun léitheoireachta ar an suíomh: sé sin **30,250** seisiún léitheoireachta éagsúla agus **79,822** amharc leathanaigh sna seisiúin sin.
- Bhí 52% de na húsáideoirí sin in Éirinn agus an fuílleach (de réir an líon is mó léitheoirí) i Meiriceá, sa Ríocht Aontaithe, sa tSín agus san Eoraip (An Ísiltír, An Fhrainc agus an Fhionlainn ar bharr an liosta)
- Mná is ea **62%** de na léitheoirí ar-líne agus tá **19%** de na léitheoirí idir 25-34 bliain d’aois.

***Leabhair*COMHAR**

- Foilsíodh sé leabhar le linn 2021:
- Tá sé i gceist go bhfoilseofar sé leabhar agus athchló amháin i mbliana 2022.

**Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)**

Foilsíodh an dara saothar ón inphrionta acadúil úr **CLÓ**, *Ó Chleamairí go Ceamaraí* - Éadaoin Ní Mhuircheartaigh et al. (eag.) ag deireadh 2021. Imleabhar is ea é atá bunaithe ar thorthaí na Comhdhála Drámaíochta agus Teilifíse, 'Ó Chleamairí go Ceamaraí' a reáchtáladh i nDroim Chonrach i 2017, le haistí ó na rannpháirtithe bunaithe ar a gcuid cainteanna.
Tá sé i gceist go bhfoilseofar trí leabhar le linn 2022.

**Díolachán leabhar**

| | |
|---|---|
| 2021 | (2337 cóip) |
| 2020 | (1545 cóip) |
| 2019 | (2203 cóip) |

**MAOINIÚ na cuideachta**

- Faigheann an chuideachta €80,000 ó Fhoras na Gaeilge mar chroímhaoiniú ar fhoilsiú na hirise. Is **laghdú** é seo de **33%** in aghaidh na bliana ar an €120,000 a bhíothas a fháil go dtí 2021. Íocadh €19,284 breise - maoiniú aon uaire - le ***Comhar*** ag deireadh 2021.

- Fuair *Leabhair*COMHAR tacaíocht de €52,916 ó CLÁR NA LEABHAR Gaeilge don bhliain 2021 agus táthar ag súil le deontas de €59,416 do 2022.

- Fuair COMHAR tacaíocht mhaoinithe de €23,000 ón Chomhairle Ealaíona i 2021 d'eagráin speisialta den iris (3 cinn) agus €11,970 do leabhair agus deontas ar leith chun an fhoireann a chumasú don earnáil reatha foilsitheoireachta (€19,300).

- Tá deontas de €46,800 le teacht ón gComhairle Ealaíon do ghnó na hirise i mbliana – ar son 3 eagrán speisialta don iris; oíche ómóis do Mháire Mhac an tSaoi agus ceiliúradh ar COMHAR@80.

Tá áitiú láidir déanta ag bord stiúrtha COMHAR le Foras na Gaeilge nach leor an deontas reatha agus gur eagal linn a bhfuil romhainn amach muna dtagann malairt bhisigh ar an scéal.

**Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge**

Agus an Comhchoiste Oireachtais seo i mbun machnaimh faoin téama
*“Ag spreagadh foilsitheoireacht agus léitheoireacht na Gaeilge”*
iarrann COMHAR oraibh a mholadh go ndéanfadh Foras na Gaeilge athmheas chun feabhais ar mhaoiniú na meán clóbhunaithe. Dála na n-eagarthóirí ó Tuairisc.ie, nós.ie agus Feasta, a thug fianaise daoibh 15 Feabhra 2022, creidimid nach leor an maoiniú a chuirtear ar fáil faoi láthair.

Mar a dúramar san aighneacht a chuireamar faoi bhráid an Choimisiúin Um Thodhchaí na Meán i 2021;

1. Tá an Ghaeilge á scríobh ó thosaigh manaigh na hÉireann ag breacadh nótaí ina dteanga féin ar imeall lámhscríbhinní Laidine 1,500 ó shin, rud a fhágann gurb í an Ghaeilge an teanga bheo is sine san Eoraip a bhfuil traidisiún scríbhneoireachta aici.

2. An Ghaeilge a bhí ag formhór de mhuintir na hÉireann go dtí go gairid i ndiaidh an Ghorta Mhóir, ach ní labhraíonn mar phríomhtheanga gach lá anois í ach thart ar 2% de dhaonra na Poblachta. Ó bunaíodh an Stáit 100 bliain ó shin, aithníodh go raibh gá le tacaíocht stáit chun cosaint a thabhairt don Ghaeltacht atá ag dul i léig agus chun spreagadh a thabhairt do dhaoine óga an Ghaeilge a choinneáil beo. Creideann móramh de mhuintir na hÉireann go bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a choimeád beo mar theanga labhartha agus scríofa.

3. Ar na beartais sna meáin a bhunaigh an Stát chun cur in aghaidh mheath na teanga tá RTÉ Raidió na Gaeltachta, a bunaíodh i 1972, agus TG4 a bunaíodh i 1996. Gar do **€60 milliún** sa bhliain a chuirtear ar fáil don dá chraoltóir seo.

4. Tá tacaíocht tugtha chomh maith ag an Stát d’fhoilseacháin chlóite éagsúla, arb é *Comhar* an ceann is buaine díobh. Ach is lú go mór agus go sonrach an tacaíocht sin.

5. Ó 2014 i leith cuireann an Stát **€500,000** sa bhliain ar fáil trí Fhoras na Gaeilge do na meáin scríofa/chlóbhunaithe Ghaeilge. Breis is **€800,000** sa bhliain a bhí ar fáil don earnáil suas go dtí 2010.

6. Tá ciorrú **33%** déanta ag Foras na Gaeilge in 2021 ar an maoiniú a fhaigheann *Comhar* dá phríomhchúram – foilsiú na hirise míosúla. Ar líne amháin atá an dá mheán clóbhunaithe Gaeilge eile Tuairisc.ie agus NÓS.ie.

7. Creideann *Comhar*, Tuairisc.ie agus Nós.ie, go bhfuil an soláthar maoinithe atá ann faoi láthair easnamhach amach is amach. Is bac é seo ar fhorbairt seirbhísí atá ríthábhachtach do phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear agus d'inmharthanacht na teanga féin. Beatha teanga í a labhairt agus a scríobh.

D'áitigh COMHAR san aighneacht chéanna sin go ndéanfaí na meáin chlóite Ghaeilge a chuimsiú mar dhluthchuid de shainmhíniú nua ar cad is meáin seirbhíse poiblí ann feasta. D'áitíomar chomh maith gur cheart dá réir go mbeadh teacht ag na meáin sin ar sciar imfhálaithe den chiste méadaithe poiblí chun críche seirbhíse poiblí. ***Is cuid dhílis iad de sheirbhís phoiblí agus is cuid riachatanach iad d'aon straitéis go dtiocfaidh an Ghaeilge slán***.